3. An tríú saincheist dlí

Fiú dá mbeadh an cosantóir i dteideal athbhreithniú a dhéanamh ar thograí neamhdhleathacha ó oibreoirí córais tarchurtha chun teorainneacha praghsanna a thabhairt isteach ar bhonn Airteagal 5(2)(b) de Rialachán (AE) 2019/942, ní bhainfeadh úsáid as an inniúlacht sin. Os a choinne sin, fiú de réir a réasúnaíochta féin, ní hamháin gur chlaon an cosantóir ó thogra na n-oibreoirí córais tarchurtha, ach ghlac sé socrú neamhspleách freisin. Dá bhrí sin, bhronn an cosantóir ceart tionscnaimh dó féin nach bhforáiltear dó i ndlí an Aontais Eorpaigh.

4. An ceathrú saincheist dlí

Tá an teorainn phraghais shealadach a ghlac an cosantóir contrártha le cuspóirí Rialachán (AE) 2017/2195 agus Rialachán (AE) 2019/943.

5. An cúigiú saincheist dlí

Tá an ráiteas cúiseanna a cheanglaítear faoi Airteagal 14(7) de Rialachán (AE) 2019/942, Airteagal 296 CFAE agus Airteagal 41(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh in easnamh sa chinneadh atá faoi chonspóid.

6. An séú saincheist dlí

Tá an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar shárú ar cheart an iarratasóra éisteacht a fháil faoi Airteagal 41 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2019/942, mar gheall gur chuir an cosantóir dréacht de na teorainneacha praghais sealadacha arna nglacadh faoi bhráid na n-oibreoirí córais tarchurtha, ENTSO-E (Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais) agus na húdaráis rialála le hiarraidh ar bharúlacha agus an deis sin á shéanadh acu do na páirtithe leasmhara eile, de réir bhrí Airteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2019/942, an t-iarratasóir san áireamh.

---

([1]) Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO 2019 L 158, lch. 22).

([2]) Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO 2019 L 158, lch. 54).

([3]) Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO 2017 L 312, lch. 6).

---

## Caingean arna taisceadh an 17 Feabhra 2023 – Uniper Global Commodities v ACER

**(Cás T-96/23)**

(2023/C 164/62)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Uniper Global Commodities SE (Düsseldorf, an Ghearmáin) (ionadaithe: T. Richter, M. Schellberg, C. Sieberg agus M. Schleifenbaum, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh de chuid Bhord Achomhairc an chosantóra an 9 Nollaig 2022 (Uimh. A 003-2022) a chur ar neamhní;

— mar mhalairt air sin, cinneadh an chosantóra an 25 Feabhra 2022 (Uimh. 03/2022) a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena phríomhéileamh, ardaíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí

Rinne Bord Achomhairc an chosantóra earráid nuair a chinn sé go raibh cinneadh an chosantóra (Uimh. 03/2022) "dírithe chuig duine eile" de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2019/942 ([1]) agus gur chinneadh de chúram an iarratasóra "go díreach" é ach ní "go leithleach":

— Tá cinneadh an Bhoird Achomhairc ag brath ar léiriú neamhdhleathach ar Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2019/942 agus ar mheasúnú neamhleor ar an gcinneadh a bheith de chúram an iarratasóra go sonrach.

— Bhunaigh an Bord Achomhairc an easpa cúraim leithligh arna líomhain ar ráitis ón gcásdlí ar an gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, nach bhféadfaí a chur i leith an cháis seo nó nár measadh i gceart.

2. An dara saincheist dlí

Dheimhnigh an Bord Achomhairc gur ghníomh rialúcháin de réir an tríú rogha sa cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE é cinneadh an chosantóra, ach léiriú neamhdhleathach ar Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2019/942 ab ea an léiriú a bhí aige nach raibh an t-iarratasóir – de mhaolú ar an tríú rogha sa cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE – i dteideal achomhairc ar aon nós:

— Le léiriú an Bhoird Achomhairc, ní chuirtear aidhm agus cuspóir an nós imeachta achomhairc ná ról an chosantóra san áireamh i gcomhthéacs fhéinrialúchán an mhargaidh i leith fhuinnimh don chothromú, atá faoi réir formheasa, faoi Rialachán (AE) 2017/2195 ([2]).

— Is é toradh léiriú an Bhoird Achomhairc ná easpa cosanta dlíthiúla atá contrártha don dlí príomha.

— In aghaidh bharúil an Bhoird Achomhairc, ní chuirtear cosc, le foclaíocht na forála, ar léiriú go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal achomhairc.

Mar thaca lena éileamh malartach, ardaíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí

Sháraigh an cosantóir na hinniúlachtaí arna dtabhairt dó faoin dara habairt d'Airteagal 5(1) agus d'Airteagal 5(6), arna léamh i gcomhar le hAirteagal 6(3), de Rialachán (AE) 2017/2195, a mhéid is nár ghlac sé cinneadh ar an iarratas ó ENTSO-E (European Network of Transmission System Operators for Electricity), ach gur ghlac sé cinneadh ar ábhar eile ar fad.

2. An dara saincheist dlí

Ba chóir don chosantóir gan na teorainneacha praghsanna a chinneadh, fiú dá nglacfaí leis go raibh an inniúlacht aige faoi Rialachán (AE) 2017/2195 agus Rialachán (AE) 2019/942, gan comhairliúcháin nua faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2017/2195.

3. An tríú saincheist dlí

Níl aon bhunús dlí leis an teorainn praghsanna arna cinneadh ag an gcosantóir.

4. An ceathrú saincheist dlí

Contrártha d'Airteagal 14(7) de Rialachán (AE) 2019/942 agus Airteagal 296 CFAE, níor shonraigh an cosantóir go leordhóthanach na réasúin ar bun iad leis an gcinneadh ar an teorainn praghsanna.

5. An cúigiú saincheist dlí

Leis an gcinneadh, sháraigh an cosantóir na forálacha in Airteagal 3(1)(a), (b) agus (e) de Rialachán (AE) 2017/2195.

6. An séú saincheist dlí

Agus an teorainn praghsanna á cinneadh, sháraigh an cosantóir prionsabal na comhréireachta faoin gcéad agus faoin dara habairt d'Airteagal 5(4) CAE agus Airteagal 3(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/2195.

(1) Rialachán (AE) 2019/942 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO 2019 L 158, lch. 22).

(2) Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO 2017 L 312, lch. 6).

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Márta 2023 — Merlin agus Eile v an Coimisiún**

**(Cás T-141/23)**

(2023/C 164/63)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Laurent Merlin (Equihen-Plage, an Fhrainc) agus 27 iarratasóir eile (ionadaithe: F.-C. Laprévote agus F. de Bure, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— a dhearbhú, faoi Airteagal 265 CFAE, gur mhainnigh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le Státchabhair a líomhnaítear a bheith ann ar bhonn na faisnéise a chuir na hiarratasóirí ar fáil, agus go bhfuil mainneachtain gníomhú i gceist leis an méid sin;

— a ordú don Choimisiún cinneadh a dhéanamh laistigh de dhá mhí ar bhonn Rialachán (AE) 2015/1589 [1] ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm;

— a ordú don Choimisiún na costais go léir a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn na hiarratasóirí saincheist dlí amháin. Dearbhaíonn siad gur mhainnigh an Coimisiún, go neamhdhleathach, gníomhú sa mhéid nár ghlac sé an cinneadh dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán 2015/1589 i ndiaidh réamhscrúdú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach i gcomhthéacs na ngearán a sheol na hiarratasóirí chuige maidir le státchabhair a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach arna ndeonú ag údaráis na hÍsiltíre d'úinéirí soithí iascaireachta muirí.

(1) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO 2015 L 248, lch. 9).

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Márta 2023 – VF v an Chomhairle**

**(Cás T-143/23)**

(2023/C 164/64)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* VF (ionadaí: C. Docclo, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh